# SCRÚDÚ COGNAÍOCH ADDENBROOKE – ACE-III
## Leagan A na hÉireann (2025)

| | |
|---|---|
| Ainm:<br>Dáta Breithe:<br>Uimhir nó Seoladh an Ospidéil: | Dáta na tástála: ___/___/___<br>Ainm an tástálaí:___________________<br>Aois ag ar fágadh an t-oideachas lánaimseartha:_____________________<br>Slí bheatha: _______________________<br>Ciotóg nó deasóg: ___________________ |

**AIRD** *(Ná cuir le chéile ach na míreanna **a bhfuil CLÓ TROM orthu don scór M-ACE**)

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ➢ An bhfuil a fhios agat cad é an…? | **an lá**<br>________ | **an dáta**<br>_________ | **an mhí**<br>___________ | **an bhliain**<br>___________ | an séasúr<br>___________ | **Aird**<br>[Scór 0–5]<br>* |
| ➢ An bhfuil a fhios agat cá bhfuil tú…? | an uimhir/an t-urlár<br>_________ | an tsráid/an t-ospidéal<br>_________ | an baile/an bruachbhaile<br>___________ | an contae<br>___________ | an tír<br>___________ | **Aird**<br>[Scór 0–5] |

**AIRD**

- Abair: "Tá mé chun trí fhocal a insint duit agus ba mhaith liom go ndéarfá iad i mo dhiaidh: **líomóid**, **eochair** agus **liathróid**." Tar éis don duine atá faoi scrúdú iad a rá, abair "Déan iarracht smaoineamh orthu mar cuirfidh mé ceist ort fúthu arís ar ball".
- Ná tabhair scór ach ar an gcéad triail (déan 3 huaire é más gá).
- Breac síos líon na dtrialacha: _____

**Aird** [Scór 0–3]

**AIRD**

- Cuir ceist ar an duine atá faoi scrúdú: "An féidir leat 7 a bhaint as 100? Lean ort ag baint 7 as gach uimhir nua go dtí go ndéarfaidh mé leat stopadh."
- Má dhéanann an duine atá faoi scrúdú botún, ná cuir stop leis nó léi. Lig don duine atá faoi scrúdú leanúint air nó uirthi agus seiceáil na freagraí (e.g., 93, 84, 77, 70, 63 – scór 4).
- Stop nuair a bheidh cúig uimhir dealaithe (93, 86, 79, 72, 65): ____ ____ ____ ____ ____

**Aird** [Scór 0–5]

**CUIMHNE**

- *Cuir ceist*: "Cé na trí fhocal a d'iarr mé ort a rá i mo dhiaidh agus smaoineamh orthu?"
  _______ ________ ________

**Cuimhne** [Scór 0–3]

**LÍOFACHT**

- **Litreacha**

*Abair*: "Tá mé chun litir ón aibítir a insint duit agus ba mhaith liom go ndéarfá an oiread focal a thosaíonn leis an litir sin agus is féidir leat, ach ní féidir ainmneacha daoine ná áiteanna a rá. Mar shampla, má deirim an litir 'C', d'fhéadfá focail cosúil le "cat, carr, clog" a rá agus mar sin de. Ach ní féidir leat focail cosúil le Caitlín nó Ceanada a rá. An dtuigeann tú? An bhfuil tú réidh? Nóiméad amháin atá agat. Ba mhaith liom go n-úsáidfeá an litir 'P'.

**Líofacht** [Scór 0–7]

| | |
|---|---|
| ≥ 18 | 7 |
| 14-17 | 6 |
| 11-13 | 5 |
| 8-10 | 4 |
| 6-7 | 3 |
| 4-5 | 2 |
| 2-3 | 1 |
| 0-1 | 0 |
| iomlán | ceart |

- **Ainmhithe**

*Abair*: "Anois ainmnigh an méid is mó ainmhithe agus is féidir leat. Is cuma cén litir lena dtosaíonn siad."

**Líofacht** [Scór 0–7]

| | |
|---|---|
| ≥ 22 | 7 |
| 17-21 | 6 |
| 14-16 | 5 |
| 11-13 | 4 |
| 9-10 | 3 |
| 7-8 | 2 |
| 5-6 | 1 |
| <5 | 0 |
| iomlán | ceart |

**C U I M H N E**

**Cuimhne** [Scór 0–7]

- Abair: “Tá mé chun ainm agus seoladh a insint duit agus ba mhaith liom go ndéarfá an t-ainm agus an seoladh sin i mo dhiaidh. Chun deis a thabhairt duit iad a fhoghlaim, déanfaimid é sin 3 huaire. Cuirfidh mé ceist ort faoin ainm agus faoin seoladh níos déanaí.”

Ná tabhair scór ach ar an tríú triail.

| | *An Chéad Triail* | *An Dara Triail* | *An Tríú Triail* |
|---|---|---|---|
| Eoin Ó Muirí<br>32 Páirc na Darach<br>An Baile Mór<br>Co. Chiarraí | ________ _______<br>____ ______ ______<br>______________<br>______________ | ________ _______<br>____ ______ ______<br>______________<br>______________ | ________ _______<br>____ _____ ______<br>______________<br>______________ |

**C U I M H N E**

**Cuimhne** [Scór 0–4]

- Cad is ainm don Taoiseach ...……………………………………………………………………..
- Tabhair dom ainm mná a bhí ina hUachtarán …..……………………………………………………..…………
- Cé atá ina Uachtarán ar an Stáit Aontaithe……………………..………………………………………………
- Cad ab ainm d’Uachtarán na Stát Aontaithe a maraíodh sna 1960idí………….……………………………

**T E A N G A**

**Teanga** [Scór 0–3]

- Leag peann luaidhe agus píosa páipéir os comhair an duine atá faoi scrúdú. Chun triail a bhaint as an gcleachtadh, abair leis an duine **sin “Pioc suas an peann luaidhe ar dtús, agus ansin an píosa páipéir.”** Mura ndéanfar i gceart é, tabhair scór 0 agus ná lean ar aghaidh.

- Má éiríonn leis an duine atá faoi scrúdú sa gcleachtadh, lean ar aghaidh leis na trí threoir seo a leanas.
  - Abair **“Leag an píosa páipéir anuas ar an bpeann luaidhe”**
  - Abair **“Pioc suas an peann luaidhe ach ná pioc suas an píosa páipéir”**
  - Abair **“Tabhair dom an peann luaidhe tar éis duit do mhéar a leagan ar an bpíosa páipéir”**

** NÓTA: Leag an peann luaidhe agus an píosa páipéir os comhair an duine atá faoi scrúdú roimh gach treoir a thabhairt.*

**T E A N G A**

**Teanga** [Scór 0–2]

- *Abair:* “Ba mhaith liom go scríobhfá dhá abairt. Féadfaidh tú scríobh faoi aon rud is maith leat. Ba chóir duit abairtí iomlána a scríobh agus giorrúcháin a sheachaint.” Mura bhfuil a fhios ag an duine atá faoi scrúdú cad le scríobh faoi, d’fhéadfá cúpla smaoineamh a lua. “Mar shampla, d’fhéadfá scríobh faoi do chuid laethanta saoire, do chuid caitheamh aimsire, do theaghlach, nó d’óige.” Mura scríobhann an duine atá faoi scrúdú ach abairt amháin, iarr air nó uirthi an dara ceann a scríobh.

  Ní mór ainmní agus briathar a bheith sna habairtí. Baintear pointí má dhéantar botúin litrithe nó botúin ghramadaí. Ní gá gur faoin ábhar céanna atá an dá abairt. Féach na treoirlínte scórála le haghaidh tuilleadh eolais.

**T E A N G A**

**Teanga** [Scór 0–2]

- *Iarr ar an duine atá faoi scrúdú na focail seo a leanas a rá i do dhiaidh:* **‘gallúnach’; ‘cuimsitheach’; ‘taitneamhacht’; ‘comhthreomhar’**

  (Tabhair scór 2 má tá gach ceann ceart; scór 1 má tá 3 ceart; agus scór 0 má tá 2 nó níos lú ceart.).




**T E A N G A**



| | |
|---|---|
| ➢ Iarr ar an duine atá faoi scrúdú é seo a leanas a rá i do dhiaidh: **‘Aithníonn ciaróg ciaróg eile’** | **Teanga**<br>[Scór 0–1] |
| ➢ Iarr ar an duine atá faoi scrúdú é seo a leanas a rá i do dhiaidh: **‘Is maith an scéalaí an aimsir’** | **Teanga**<br>[Scór 0–1] |


**T E A N G A**




**Teanga**
[Scór 0–12]

➢ Iarr ar an duine atá faoi scrúdú na pictiúir seo a leanas a ainmniú:



**T E A N G A**

**Teanga**
[Scór 0–4]

➢ Agus sibh ag plé leis na pictiúir thuas, iarr ar an duine atá faoi scrúdú:


- Méar a dhíriú ar an gceann a bhaineann le rí ……………………………………………..
- Méar a dhíriú ar an gceann ar marsúipiach é ……………………………………………..
- Méar a dhíriú ar an gceann a fhaightear san Antartach ……………………………………………..
- Méar a dhíriú ar an gceann a bhaineann leis an mbádóireacht …………………………………………….

**T E A N G A**


| | |
|---|---|
| ➢ Iarr ar an duine atá faoi scrúdú na focail seo a leanas a léamh amach: (Ná tabhair scór 1 ach amháin má bhíonn gach ceann ceart).<br><br>**bhfuil**<br>**foighne**<br>**fadhb**<br>**pleidhce**<br>**deartháir** | **Teanga**<br>[Scór 0–1] |

**C U M A S   A M H A R C S P Á S Ú I L**

| | |
|---|---|
| ➢ Léaráid de chomhartha na héigríche (*infinity symbol*): Iarr ar an duine atá faoi scrúdú an léaráid seo a chóipeáil. | **Amharcspásúil**<br>[Scór 0–1] |





| | |
|---|---|
| ➢ Ciúb sreinge: Iarr ar an duine atá faoi scrúdú an líníocht seo a chóipeáil (féach na treoirlínte le haghaidh eolas faoin scóráil). | **Amharcspásúil**<br>[Scór 0–2] |





| | |
|---|---|
| ➢ Clog: Iarr ar an duine atá faoi scrúdú clog a tharraingt a bhfuil uimhreacha air. Ansin iarr air nó uirthi lámha an chloig a chur ag a deich tar éis a cúig. (Féach na treoirlínte le haghaidh eolas faoin scóráil: *ciorcal = 1, uimhreacha = 2, lámha = 2 má tá gach ceann ceart*). | **Amharcspásúil**<br>[Scór 0–5] |

| C U M A S   A M H A R C S P Á S Ú I L | |
|---|---|
| ➢ Iarr ar an duine atá faoi scrúdú na poncanna a chomhaireamh gan méar a dhíriú orthu | **Amharcspásúil**<br>[Scór 0–4] |












## C U M A S   A M H A R C S P Á S Ú I L

| | |
|---|---|
| ➢ Iarr ar an duine atá faoi scrúdú na litreacha a ainmniú. | **Amharcspásúil**<br>[Scór 0–4] |









## C U I M H N E

➢ Abair *“Anois abair liom an méid is cuimhin leat faoin ainm agus faoin seoladh sin a dúramar ag an tús”*

| | | |
|---|---|---|
| Eoin Ó Muirí<br>32 Páirc na Darach<br>An Baile Mór<br>Co. Chiarraí | ………………….. ……………………………………<br>…… ……………………… ………………………<br>…………………………………………………………<br>………………………………………………………… | **Cuimhne**<br>[Scór 0–7] |

## C U I M H N E

| | |
|---|---|
| ➢ Ba chóir an tástáil seo a dhéanamh murar éirigh leis an duine atá faoi scrúdú cuimhneamh ar mhír amháin nó níos mó thuas. Má chuimhnigh sé nó sí orthu ar fad, téigh ar aghaidh thar an tástáil agus tabhair scór 5 phointe. Murar chuimhnigh sé nó sí ach ar roinnt acu, cuir tic sna boscaí scáthaithe ar dheis a ghabhann leis na míreanna ar cuimhníodh orthu; agus ansin tástáil na míreanna nár cuimhníodh orthu agus tú ag rá leis an duine atá faoi scrúdú “ceart go leor, tabharfaidh mé cúpla leid duit: arbh é X, Y, nó Z an t-ainm?” agus mar sin de. Tugtar pointe amháin ar gach mír a aithnítear, agus cuirtear é sin leis an bpointe a fuarthas ar dtús. | **Cuimhne**<br>[Scór 0–5] |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Seán Ó Muirí | | Eoin Ó Muirí | | Eoin Ó Murchú | | cuimhníodh air | |
| 23 | | 32 | | 36 | | cuimhníodh air | |
| Plás na Darach | | Páirc an Leamháin | | Páirc na Darach | | cuimhníodh air | |
| An Chill Mhór | | An Baile Mór | | An Rath Bhán | | cuimhníodh air | |
| Co. Chiarraí | | Co. Chorcaí | | Co. Baile Átha Cliath | | cuimhníodh air | |

## S C Ó I R

| | |
|---|---|
| **SCÓR IOMLÁN ACE-III** | /100 |
| **SCÓR IOMLÁN M-ACE** | /30 |
| | |
| **Aird** | /18 |
| **Cuimhne** | /26 |
| **Líofacht** | /14 |
| **Teanga** | /26 |
| **Amharcspásúil** | /16 |